

Comórtas Scléip 2015



Ar chlé:
Eve Belle,
Pobalscoil Chloch
Ceann Fhaola
&
Coláiste Naomh
Eoin, Inis Meáin

Comhghairdeas

mór le

Pobalscoil

Ghaoth Dobhair

a bhuaigh cúig

dhuais san

lomlán!

Tuilleadh eolas
faoi Scléip
Gael-linn le fail ó
Niamh de Búrca
ar 01-6753303

Bhí slamsaíocht den scoth ag craobh Scléip Gael Linn 2015 i mBaile Átha Cliath ar an Satharn, 24 Eanáir 2015.

Comórtas talainne í Scléip, ina gcuirtear béim ar na healaíona comhaimseartha, agus atá dírithe go sonrach ar na hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge. Bhí ceithre réamhbhabhta cháilithe réigiúnacha ar siúl ag deireadh mhí na Samhna/tús mhí na Nollag.

Chruinnigh scoláirí ó Dhún na nGall go dtí an Daingean, mar aon lena gcuid múinteoirí agus a gcuid tuismitheoirí, in amharclann 'Clasach', Cluain Tarbh, Baile Átha Cliath, go luath maidin Shathairn don mhórcáid, agus bhí an halla lán

go doras!

Thosaigh an lá amach leis na comórtais do na scoláirí sóisearacha, agus thug aisteoirí, rincoirí, amhránaithe, ceoltóirí agus gleacaithe fiú, taispeántais den scoth ar stáitse! I ndiaidh am lóin, bhí deis ag na scoláirí sinsearacha míreanna sna comórtais Sceitse, Ilchineálach, Rince Cruthaitheach agus Ceol Comhaimseartha a léiriú, agus caithfear a rá go raibh an lucht féachana ag racail nuair a chuaigh na bannaí ceoil ar stáitse ag deireadh an lae! Ba iad Seán Ó Ceallaigh ó Gael Linn agus Sinéad Ní Uallacháin ó RTÉ Raidió na Gaeltachta a bhí mar chomhláithreoirí ar an seó talainn iontach seo, agus choinnigh siad an lucht féachana ar an eolas go

paiseanta i rith an ama! Ghabh Seán Ó Ceallaigh, Gael Linn, buíochas leis na múinteoirí as a dtacaíocht don chomórtas agus dúirt: 'Is é seo an chéad bhliain do Gael Linn a bheith i mbun an chomórtais 'Scléip', agus táimid an-sásta leis an spéis atá á léiriú ag na scoileanna ann, agus leis an talainn iontach atá feicthe againn go dtí seo! Táimid buíoch de Gaelscoileanna Teo. a chuir tús leis, agus a bhí ina bun ón mbliain 2005 i leith, agus ach go háirithe Claire Spáinneach & Ciara Ní Bhroin as a gcomhairle agus a gcúnaimh uilig i mbliana'.



Chaill tú do
ghrúag!





Tá Sárscoil Fíbin ar ais!

Tá rímhcad orainn a fhógairt go bhfuil Sárscoil Fíbin ar ais i mbliana. Ní amháin go mbeidh deis ag scoláirí snas a chur ar a gcuid Gaeilge ach cuirfear oiliúint orthu i gcúrsaí drámaíochta le saineolaithe amharclan-naíochta agus teilifíse ar nós:

Micheál Ó Domhnaill (léiritheoir ar an tsraith 'Aifric' agus stiúrthóir Meangadh Fíbin TV)

Darach Ó Tuairisg (léiritheoir agus stiúrthóir Fíbin Teo)


Paul Mercier (stiúrthóir Aifric agus Stiúrthóir Ealaíne Passion Machine) agus neart aionna eile.

Beidh ceardlanna drámaíochta agus teilifíse ar siúl ina gcuirfear béim ar an gcumadóireacht, ar an aisteoireacht agus ar an scríbhneoireacht. Beidh na scoláirí faoi stiúir na saineolaithe agus cuirfear comhairle orthu ar bhonn rialta. Ag deireadh an chúrsa, beidh deis ag na scoláirí a gcuid drámaí féin a láithriú ar stáitse, rud a chuirfidh go mór le féinmhuinín agus le cur i láthair na scoláirí. Tugtar cuireadh do na meáin, léiritheoirí TG4 chomh maith le tuismitheoirí agus cairde freastal ar an léiriú seo.

Reachtálfar 4 chúrsa agus freastalóidh 100 scoláire ar gach cúrsa. Bíonn éileamh an-mhór ar na cúrsaí seo ach ní gá go mbeadh aon taithí aisteoireachta agat. Cuirfear lóistín ar fáil do na scoláirí i gcroílár Chonamara. Beidh na ceardlanna ar siúl gach lá agus cuirfear an-bhéim ar an teanga labhartha. Cabhróidh an tumchúrsa Gaeilge seo leis an scoláirí barr feabhais a chur ar a gcuid Gaeilge agus iad ag foghlaim scoileanna nua ag an am céanna. Mar is eol daoibh, is fiú 40% de mharcanna na hArdteistiméireachta an bhéaltrial agus tabharfaidh sé seo deis do na scoláirí an t-ullmhúchán cuí a dhéanamh don scrúdú sin.

De bharr go raibh éileamh ollmhór ar an gcúrsa seo le blianta beaga anuas, caithfidh Gaeilge labhartha reásunta málth a bheith ag na scoláirí agus beldh ar gach scoláire éisteacht a dhéanamh chun áit a bhalnt amach ar an gcúrsa. Tá costas €625 ar an gcúrsa agus clúdaíonn sé seo lóistín, bia, teagascóirí, riarachán, aionna, talsteal agus aralle.

Má tá aon cheist agat is féidir teagmháil a dhéanamh linn ag 091- 505855 nó seol ríomhphost chuig sarscoilfabin@gmail.com



Buaiteoirí Eolaí Óg

Moladh mór agus comhgáirdeachas ó chroí do Chaoilfhionn Ní Dheoráin agus Martha Nic ionais as bliain 2, Colaiste Chilllainn as ucht dhá dhuais a bhaint amach ag an gcomórtas Eolaí Óg 2015 san RDS an mhí seo caite. Bhuadar an chéad áit sa chomórtas teicneolaíochta (sóisear = bliain 1&2) agus bhuadar duais ón gcomhlacht idirnáisiúnta Hewlett Packard freisin. Teideal an tioncnaimh ná 'Oideolaíocht' a léirigh an dlúthbhaint dearfach idir úsáid na teicneolaíochta agus foghlaim éifeachtach. Míle buíochas dá múinteoirí a chabhraigh, Doireann de Nóglá, Ruth Ní Mhuirí agus Micheál Ó Srutháin.



Ról agus feidhmeanna nua ag Gaelscoileanna Teo.


Tá Gaelscoileanna Teo. ag feidhmiú ó lúil 2014 sa mhór-réimse **Gaeloidheachas/ Tumoidheachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge**, a chuimsíonn tacaíocht do bhunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht, naíonraí taobh amuigh den Ghaeltacht, anuas ar thacaíocht agus abhcóideacht thar ceann bunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht. Tá ról na heagraíochta sa Tuaisceart le sainiú go fóill.

Táimid i bun próisis pleanála cumsitheach chun críche feidhmiú go héifeachtach i gach réimse, idir reatha agus nua. Aithnítear go mbeidh sé tábhachtach ionadaíocht chuí a bheith san

eagraíocht de réimsí oibre uile na heagraíochta, agus dá réir, tá an eagraíocht i mbun struchtúir chuí rialachais agus feidhmeannais a phleanáil agus a fhorbairt. Táimid i mbun comhairliúcháin forleathan le naíonraí agus le scoileanna, leis an sprioc cuairt a thabhairt ar gach ceann le linn 2015 lena gcuid riachtanais a phlé leo.

Ag leibhéal na foirne, táimid ag dul ó 4.5 post go 9 bpost agus an-áthas orainn go mbeimid in ann cur le cineál agus caighdeán na seirbhísí atá agus a bheidh á gcur ar fáil do naíonraí, scoileanna ag an dá leibhéal agus an pobal i gcoitinne. Tá 7 gcinn de na poist líonta anois.

I dtaobh seirbhís tacaíochta agus ionadaíochta don Ghaeltacht, tá an-aiféala orainn nach bhfuil acmhainní bhreise curtha ar fáil don eagraíocht go fóill le go mbeimis in ann díriú i gceart ar struchtúir chearta tacaíochta do scoileanna Gaeltachta.



Tá 50 cóip den
dá phóstaeir ar
fáil

Tá Uiscebhealaí Éireann freagrach as an seacht n-uiscebhealach inseolta ar fud an oileáin. Is é an misean atá acu ná timpeallacht siamsaíochta den chéad scoth a chur ar fáil do chách.

Póstaeir le buachaint

Faoina stiúir tá:
An Sionainn
An Bhanna Íoctarach
Córas na hÉirne
Uiscebhealach na Sionainne
is na hÉirne
An Chanáil Ríoga
An Mhórchanáil
An Bhearú

Tá Clár Oideachais
Uiscebhealaí Éireann ag cur
50 póstaer ar an gCanáil
Ríoga agus an Mhórchanáil
ar fáil.

Tá na postaeir bunaithe ar
amlíne na gCanálacha agus
is áis den scoth atá ann don
seomra ranga!

Is iad an chéad 50 scoil a
gheobhaidh an duais. Seol
ríomhphost chucu le d'ainm,
ainm na scoile, seoladh
poist, seoladh ríomhphoist
agus uimhir ghutháin agus
cuirfimid an duais amach
chugat. Le haghaidh
tuilleadh eolais, bí i
dteagmháil linn [learning@
waterwaysireland.org](mailto:learning@waterwaysireland.org)



Uiscebhealaí Éireann

Ríomhnascadh in Aonach Urmhumhan

*“tá muid ag súil
go n-oscloídh
sé an doras do
scoileanna eile
a leithéid de
thionscnamh a
leanúint”*

Tá Gaelscoil Aonach Urmhumhan, Co Thiobraid Árann agus Scoil Oilibhéir Pluincéid Naofa, Rann na Feirsde, Dun na nGall comhnascaithe le chéile i mbliana mar chuid den tionscnamh “eTwinning”. Is é seo an chéad uair ina bhfuil dá scoil ghaelacha ag teacht le chéile faoi bhrat Léargas agus eTwinning agus tá muid ag súil go n-oscloídh sé an doras do scoileanna eile a leithéid de thionscnamh a leanúint.

Is í ‘Ár nÁit Dhúchais’

príomhthéama an tionscnaimh againn. Is iad na torthaí foghlama atá againn ná go mbeidh deis ag na páistí cumarsáid a dhéanamh idir eatarthu trí mheán na gaeilge agus go ndéanfimid iniúchadh ar na colsúlachtaí agus difríochtaí atá againn, ní amháin ó thaobh na scoile, ach a gceantair féin &rl, go háirithe ó thaobh na gcanúintí de.

Rinneamar glaoch Skype idir an dá scoil agus labhair gach dalta lena phairtnéir ón scoil eile. B’iontach an

chraic agus an ríméad a bhí ar na bpáistí ag déanamh na cumarsáide, ag cur agus ag freagairt na gceisteanna. Bhí roinnt deacrachtaí ó thaobh canúint de, ach chuir sé sin go mór leis an dtaithí foghlama.

Ná déan dearmad na foirmeacha staitisticí a sheoladh ar ais chugainn chomh luath agus is féidir! Go raibh maith agaibh!

Beidh an
lánseáil ar
siúl 2 - 4
i.n. ar an 5
Márta



Lánseáil Leabhair

Tá dhá rí i dtír idir Eatarthu, Huth agus Puth. Bhí troid acu agus anois tá cuid amháin den tír ag Huth agus cuid eile ag Puth agus teorainn idir an dá ríocht.

Cuirtear Dúlann, capall an Rí Huth, faoi dhraíocht agus anois bíonn ocras mór air i gcónaí. Cabhraíonn buachaill darb ainm Píicí agus an banphrionsa Pom Pom, iníon Phuth leis. B’fhéidir go dtabharfaidh said an bheirt rí le chéile freisin?

Chaith an t-údar Pauline Devine sealanna ag obair mar mhúinteoir agus mar iriseoir, ach is mar scríbhneoir atá clú uirthi.

Beidh lánseáil an leabhair ar siúl 2 — 4 i.n. ar an 5 Márta in eaglais Naomh Lorcán, DIT, Gráinseach Ghormáin. Beidh fáilte roimh chách.

Tá an leabhar foilsithe ag Coiscéim.

Cuairteanna ar Naíonraí



Cuid den ealaín
álainn i Naíonra
Ghearóidín

Tá sé i gceist againn leanúint leis
na cuairteanna sna contaetha seo
agus eile amach anseo.



Tá foireann Gaelscoileanna Teo. gnóthach faoi láthair ag tabhairt cuairteanna ar Naíonraí. Thugamar cuairt ar Naíonra Ghearóidín i Má Nuad, Co. Chill Dara le déanaí. Bhí acmhainní den scoth agus ealaín álainn le feiceáil timpeall an tseomra.

Go dtí seo, tá cuairt tugtha ar Naíonraí i gCill Mhantáin, BÁC, Lú, Luimneach, Cill Chainnigh, Cill Dara agus Uíbh Fhailí.



Tá foireann Gaelscoileanna Teo. anseo chun cabhrú leatsa agus le do Naíonra.

Téigh i dteagmháil linn ar na sonraí thíos maidir le; foilseacháin / bileoga eolais / polasaithe samplacha a fháil, cúrsaí oiliúna, acmhainní a roinnt le Naíonraí eile.

Má tá ceist agat faoi chúrsaí árachais téigh i dteagmháil le Sandra ar 01-8535194



Cormac Ó Feintheadha
Oifigeach Forbartha

01-8057731
cormac@
gaelscoileanna.ie



Clare Spáinneach
Oifigeach Sinsireach
Polasaí agus Forbartha

01-8535193
clare@
gaelscoileanna.ie



Ciara Ní Bhroin
Oifigeach Forbartha

01-8057736
ciara@
gaelscoileanna.ie

Scoláireachtaí Lóistín chuig Inis Meáin do dhaltáí céad agus dara bliana

Tá scoláireachtaí Lóistín á dtairiscint do scoláirí ón mórtír a bhfuil cónaí orthu taobh amuigh den Ghaeltacht freastal ar Choláiste Naomh Eoin, Inis Meáin, Árann ar feadh na bliana acadúla 2015-2016.

Is é cuspóir na scoláireachtaí seo deis a thabhairt do dhéagóirí, líofacht sa Ghaeilge a bhaint amach. Maireann na scoláirí le teaghlach áitiúil ag dul abhaile gach dara deireadh seachtaine agus le linn laethanta saoire. Is í an Ghaeilge an teanga teaghlaigh agus faigheann na scoláirí léargas ar an nGaeilge mar theanga bheo agus mar gnáth-theanga pobail.

Múintear réimse leathan ábhar tré mheán na Gaeilge amháin sa scoil agus chomh maith leis an sealbhú teanga, tá buntáistí oideachais den scoth ag dul leis na scoláireachtaí seo. Is scoil bheag í Coláiste Naomh Eoin, le líon íseal daltaí, tréithe a chinntíonn go bhfaigheann gach dalta deis foghlaim go barr a gcumais mar go mbíonn aird a múinteoirí ar a dtoil acu. Tá an fhoireann teagaisc óg bríomhar agus sár-oilte ina gceird, rud a chinntíonn atmaisféar

mealltach don fhoghlaim. Déanann na múinteoirí maoirseoireacht ar thréimhse staidéir tar éis scoile chun go mbeidh deis ag na gasúir a gcuid obair bhaile agus staidéar breise a dhéanamh ar a gcompoird.

Is áit álainn chún é Inis Meáin, áit a bhfuil faoiseamh agus ionspraid le fáil taobh le taobh, é caoimhnithe ag am agus ag tradisiún. Ní mór d'iaratas a sheoladh roimh 10/04/15 chun a bheith san iomaíocht.

Foirim larratais ar line ag www.colaistenaomheoin.ie

Meitheal
duchas.ie ar
fáil anois

“Ábhar
tionscadail ranga
nó ábhar
teagaisc/staidéir
den scoth a
bheadh ann.”

Tá foireann Dúchas.ie ag glacadh céim mhór chun tosaigh ar an tionscadal agus cuireadh á thabhairt don phobal **tras-scríobh** a dhéanamh, go deonach, ar

scaipeadh agus aiseolas a bhailiú.

Daltaí bunscoile a bhailigh an t-ábhar seo idir 1937 agus 1939 mar chuid de

agus a bhfuil ann: seanchas, scileanna, nósanna, paidreacha agus stair áitiúil.

Ní theastaíonn ardscileanna ríomhaireachta ná teanga, ná go deimhin an t-uafás ama.

Má tá spéis agatsa agus ag do chuid daltaí nó mac léinn páirt a ghlacadh sa tionscadal seo, tá tacaíocht ar fáil ó eolas@duchas.ie. **Ábhar tionscadail ranga nó ábhar teagaisc/staidéir** den scoth a bheadh ann. Beidh duais ar fáil don tras-scríobhaí is forásaí as seo go ceann ráithe chomh maith, agus luafar bhuir gcuid oibre a lua ar an suíomh más cuí.

scéalta agus ar ábhar a bailíodh sa Ghaeltacht (nó i nGaeilge). Úsáidtear cur chuige an tsluafoinsithe buíochas lena suíomh úrnua - www.duchas.ie/ga/meitheal/. Tá siad ag iarraidh an scéal a

Scéim na Scol ag Coimisiún Béaloideas Éireann. Deis iontach atá anseo **léargas a fháil ar an nGaeilge mar a bhí sí sna tríochaldí** agus eolas níos doimhne a chur ar Bhailiúchán na Scol,

Comórtais Liteartha an Oireachtais 2015



Tá Comórtais Liteartha Oireachtas na Gaeilge ar an bhfód ón mbliain 1897 agus tugann siad aitheantas agus ardán thar a bheith luachmhar do scríbhneoirí úra chomh maith le scríbhneoirí fadhbunaithe. Tá cuid de mhórscribhneoirí an chéid seo caite, Pádraig Mac Piarais, Máirtín Ó Cadhain

agus Nuala Ní Dhomhnaill i measc iar-bhuaiteoirí na gcomórtas seo.

Baineann meas agus urraim ar leith le Comórtais Liteartha bhliantúla Oireachtas na Gaeilge, agus tá siad ar na gradaim is mó tóir i measc scríbhneoirí na Gaeilge. Clúdaítear gach réimse den litríocht agus tá níos mó ná tríocha catagóir san iomlán

sna comórtais – ficsean, gearrscéalta, cumadóireacht amhrán agus iriseoireacht san áireamh.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil, ó dheireadh mhí Feabhra, ar shuíomh gréasáin an Oireachtais: <http://www.antoireachtas.ie/comortas-liteartha.php>

Le chéile trí Ghaeilge i gColáiste Mhuire

Eagraíodh Lá Spóirt i gColáiste Mhuire, Áth Cliath faoin scéim 'Le Chéile trí Ghaeilge' do ghaelscoileanna an cheantair. Ghlac breis agus 180 dalta páirt ar an lá, iad ag teacht ó Rang 5 & 6 i sé scoil éagsúla.

D'imir na daltaí réimse leathan cluichí ar an lá — liathróid láimhe, poc fada, haca, tarraingt téide agus leaisteanna.

Bronnadh teastas ar gach scoláire as freastal ar an ócáid.

Más spéis leat ócáid a eagrú faoin scéim, téigh i dteagmháil le Sandra in Oifig Gaelscoileanna Teo. sandra@gael scoileanna.ie / 01-8535194



Daltaí i mbun spraoi ar an lá



Cuairt lae i nGaelcholáiste na Mara

Thug daltaí rang 6 ó trí bhunscoil; Gaelscoil an Inbhir Mhóir, Gaelscoil Chill Mhantáin agus Gaelscoil Moshíológ, Guaire cuairt ar Ghaelcholáiste na Mara, san Inbhear Mór. Bhí seasca seacht cuairteoirí ar fad ann agus iad go léir ar bís ag fáil an deis chun oideachas dara leibhéal tré ghaeilge a bhlaiseadh ar feadh lae.

A Bhuíochas de dheontas, curtha ar fáil ag an eagraíocht Gaelscoileanna chun imeachtaí idir scoile a spreagadh, cuireadh busanna ar fáil chun na scolairí bunscoile a phiocadh suas ar maidin ag a scoileanna féin agus chun iad a thabhairt abhaile um thráthnóna.

Lean gach grúpa clár ama a lig dóibh freastal ar ranganna ealaíne, ceoil, eacnamaíocht bhaile agus eolaíocht. Chomh maith leis sin bhí imeachtaí spóirt acu ar an bpáirc astroturf agus tráth na gceist boird ag usáid i-pads agus an aip Kahoot.



Bliots iomána / Camógaíochta

Tá blitz iomána / camógaíochta eagraithe ag CLG Naomh Colm Bhaile na Scríne, Contae Dhoire ar Dé Domhnaigh 8ú Márta. Beidh sé ar siúl in ionad spóirt Meadowbank i Machaire Fíolta idir 1.30 - 3.30pm.

Tá seo fá choinne páistí gaelscoileanna idir rang 5-7 ón fud fad an Chúige Uladh, níl ann ach 5 an taobh agus is féidir na cailíní agus na gasúir a bheith measctha le chéile ar son scoile nó ceantair s'acu.

Ní mór d'áit a chur in airithe liom ag (conchur73@hotmail.com) le bheith páirteach. Beidh achan gnó déanta trí Ghaeilge agus beidh fáilte roimh chách.



An bhfuil acmhainní ranga / naíonra le roinnt agat le múinteoirí / stiúrthóirí eile? Tá rannóg do mhúinteoirí / stiúrthóirí ar an suíomh gréasáin agus ba mhór againn cloisteáil uait.

Seol ríomhphost chuig oifig@gael scoileanna.ie

Beidh an bliots ar siúl 1.30— 3.30 i.n. ar an 8 Márta

Gailearaí



Cuairt Tomi Reichental — marthanóir an tUilelóscaidh go Coláiste Chilllain



Cathal Ó Curráin, Pobalscoil Gha-oth Dobhair a bhuaigh Gradam Speisialta Scléip i mbliana.



Muintir Ghaelscoil Mhíchíl Uí Choileáin a fuair dhá Ipad le déanaí tar éis gutháin a bhailiú.

An tAire Oideachais John O'Dowd i mbun oibre le muintir Bhunscoil an Iúir



Líofa

Treoir Guide

Club Leabhar


Club Leabhar Líofa

Tá lúcháir ar Líofa a fhógairt go bhfuil tús le cur le Club Leabhar nua. Beidh grúpaí ag teacht le chéile ar fud thuaisceart na hÉireann le bheith ag léamh an leabhair chéanna gach mí. Munar féidir leat freastal ar chruinniú, is féidir páirt a ghlacadh sa chomhrá ar Facebook (Club Leabhar Líofa). Beidh an chuid is fearr den chomhrá le cluinistín fosta ar Raidió Fáilte ar ball (107.1fm nó www.raidiofailte.com).

Líofa Book Club

Líofa is happy to announce the beginning of a new Book Club. Groups will come together all over the north of Ireland to read the same book every month. If you can't make it to a club you can still participate in the conversation on Facebook (Club Leabhar Líofa). The highlights of the conversation will soon be heard on Raidió Fáilte as well (107.1fm or www.raidiofailte.com).

Mí an Mhárta
March



Mí Aibreáin
April



Mí na Bealtaine
May



Mí an Mheithimh
June



An Chéad Chomhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas

Is í aidhmeanna na comhdhála seo atá le bheith ar siúl i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach ar an 15 agus 16 Bealtaine ná:

- Feasacht, eolas, scileanna gairmiúla agus tuiscint ar fheidhmiú an tumoideachais sa réimse a fhorbairt agus a roinnt
- Idirchaidreamh agus líonraí nuálaíochta, imeasctha agus feabhsúcháin sa tumoideachas a chothú agus a shaibhriú
- Clár taighde an tumoideachais a fhorbairt agus a spreagadh

Beidh deis ag daoine atá ag déanamh taighde ar ábhar an tumoideachais páipéar a chur faoi bhráid na Comhdhála agus fáilteofar roimh pháipéir agus póstaer faoi na fo-theideal seo:

- Treoirphrionsabail an Oideachais Lán-Ghaeilge agus Beartais Oideachas Teanga
- An Fhoghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha
- Riachtanais Oideachais Speisialta

Seo deis iontach d'éinne atá i mbun taighde maidir leis an oideachas lán-Ghaeilge nó an tumoideachas i gcoitinne. Tá tuilleadh eolais le fáil ar shuíomh idirlín na Comhdhála - <http://www.tumoideachas2015.ie/>

'Carnabhaí' á eagrú ag Cumann na bhFiann do Ghaelscoileanna na tíre

Is éard is Cumann na bhFiann ann ná gréasán fairsing de chlubanna óige. Tá clubanna á reáchtáil i mbreis agus 60 baile timpeall na tíre. Bíonn clubanna ar leith ar fáil do dhaoine idir 10-12 bliana d'aois, agus clubanna eile dóibh siúd atá níos sine ná 12.

Tugann na clubanna an deis do dhaltai gaelcoile a gcuid Gaeilge a chleachtadh agus a fhorbairt lasmuigh den seomra ranga agus iad ag glacadh páirte in imeachtaí taitneamhacha.

Tá ceanncheathrú na heagraíochta lonnaithe i nDroim Rí, Co. na Mí, áit a bhfuil ionad eachtraíochta do thurais scoile, Ionad Óige na hÉireann, forbartha ag an eagraíocht.

Is trí Ghaeilge amháin a chuirfear gach imeacht ar fáil. Beidh fáilte roimh ghrúpaí ó Rang 3 agus 4 ar Déardaoin, 21 Bealtaine 2015, agus grúpaí ó Rang 5 agus 6 ar Dé hAoine 22 Bealtaine. Tá gach eolas ar fáil, ach teagmháil a dhéanamh le Traic Ó Braonáin, ag +353 1 825 9342, traic@cnb.ie

Comhdháil CAER (Cumann Oideachais na Réigiún Eorapacha)

Beidh CAER i gcomhpháirt le SOILLSE ag eagrú Comhdháil idirnáisiúnta ar oideachas trí mhionteangacha. Reáchtálfar an comhdháil i Sabhal Mór Ostaig ar Oileán Scítheanach na hAlban idir an 28 agus an 30 Bealtaine 2015. Beidh aoichainteoirí den scoth ag déanamh cur i láthair agus beidh ceardlann éagsúla chun deis a thabhairt do mhúinteoirí agus iadsan bainteach le hoideachas san earnáil agus na mórcheisteanna comónta a phlé.

I measc na gcainteoirí beidh An tO-

lamh Antonella Sorace, stiúrthóir Bilingualism Matters, (ionad a chuireann eolas faoi dhátheangachas atá bunaithe ar thaighde ar fáil) agus An tOllamh le hIlteangachas, Miquel Strubell ó Chatalonia. Is deis iontach é an comhdháil seo léargas idirnáisiúnta a fháil ar cad atá á dhéanamh ag ár gcomhghleacaithe i dtíortha eile. Bainfidh aon duine atá bainteach le hoideachas lán-Ghaeilge idir múinteoirí, Príomhoidí agus iadsan ag tacú leis an earnáil fiorthairbhe as freastal ar.



Thosaigh Cormac Mc Cashin san eagraíocht le déanaí, plé do cheisteanna leis ar 01-8535195 / oifig@gaelscoileanna.ie

CUMANN na bhFIANN

Sóirbheil

Bataí ar Mhataí

Balla Dreapadóireachta Inseidte

Coraíocht Súmó

Jenga na bhFathach

Sleamhnán an Trucail Dóiteáin

Cumann na bhFiann, Droim Rí, Co. na Mí
 fóin: +353 83 1358426 • +353 1 8259342 • R-phost: traic@cnb.ie

"Bainfidh

aon duine

atá

bainteach le

hoideachas..

fiorthairbhe

as.."

Má tá aon eolas bhreise de dhíth is féidir dul go suíomh na comhdhála - <http://www.smo.uhi.ac.uk/en/rannsachadh/co-labhairt-shoillse/>, CAER a leanúint ar Facebook, nó teagmháil a dhéanamh le Nóra ag nora@gaelscoileanna.ie / 01-8535191.

Gaelscoileanna Nua

Is cúis mhór áthais do Gaelscoileanna Teo. agus An Foras Pátrúnachta an fógra ón Roinn Oideachais & Scileanna go n-osclofar bunscoil nua lán-Ghaeilge i mBiorra, Co. Uíbh Fháilí i Meán Fómhair 2015.

Bunófar Gaelscoil Bhiorra mar thoradh ar fheachtas Biorra le Gaeilge, grúpa pobail a bunaíodh i 2010 ar mhaithe le tumoideachas lán-Ghaeilge a éileamh do phaistí an cheantair. Tá obair den scoth déanta ag Biorra le Gaeilge thar na blianta; eagraíonn siad imeachtaí sóisialta rialta don phobal agus campaí samhraidh trí Ghaeilge do

phaistí. Tá ciorcal comhrá agus ranganna Gaeilge d'fhoghlaimeoirí fásta á reáchtáil acu agus bhunaigh siad an naíonra Nóiníní Beaga i 2011.

Bunófar Gaelscoil Bhiorra faoi phróiseas na Roinne le héagsúlacht an tsoláthair bunscoile a leathnú, ach tá dóchas ann go mbunófar bunscoileanna lán-Ghaeilge eile i 2016 sna ceantair atá aitheanta ag an Roinn i dtaobh fás daonra. Beidh Gaelscoileanna Teo. ag gníomhú de réir fhógra na Roinne maidir leis na sprioccheantair seo; táimid i mbun comhairliúcháin leis na scoileanna lán-Ghaeilge sna

mórcheantair lena mbaineann maidir le ró-éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge agus ag plé le pátrúin ionchasacha agus tuismitheoirí a léirigh suim i scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú sna ceantair chéanna. Seo a leanas na ceantair atá aitheanta d'fhorbairt i 2016:

Baile na nGabhar—Stigh Lorgan (Co. Átha Cliath)
An Chabhrach—Baile Phib—BÁC 7

Droim Conrach—Marino—BÁC 1.

Cuirfear eolas maidir leis an dul chun cinn ar www.gaelscoileanna.ie agus bheimis ag súil leis go dtabharfaidh an próiseas seo deis do níos mó páistí freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge amach anseo.



Lucht Biorra le Gaeilge

“...dels a thabhairt dóibh an scoil atá againn a fheiceáil, sa dóigh is go mbeadh siad dearfach i dtaobh oideachas dara leibhéil tré mheán na Gaeilge.”

An-jab go deo déanta ag an mbeirt seo!



Lá spraoi i nGairmscoil Chú Uladh

Shocraíomar Lá Spraoi do phaistí i rang a sé as na bunscoileanna áitiúla a eagrú. Bhí muid ag iarraidh deis a thabhairt dóibh an scoil atá againn a fheiceáil, sa dóigh is go mbeadh siad dearfach i dtaobh oideachas dara leibhéil tré mheán na Gaeilge.

Tá muid ag iarraidh daltaí a mhealladh chun oideachas dara leibhéil tré mheán na Gaeilge a roghnú mar go bhfuil brú an-láidir orainn, ó na scoileanna atá ag múineadh

tré Bhéarla, atá thart timpeall orainn. D'ainneoin sár-fheachtas ó fhoireann na scoile agus iad ag dul amach ar cuairt chuig na bunscoileanna, tá tinrimh na scoile seo fós ag titim le trí bliana anois. Mothaíonn muid go gcaithfidh muid na daltaí a thabhairt isteach sa scoil, ní leor dul amach chucu.

Cuireadh imeachtaí spóirt, damhsaí gaelach agus damhsa zumba, ceol agus

ealaín ar siúl i rith an lae. Bhí na h-imeachtaí go léir tré mheán na Gaeilge. Cuireadh taisteal ar fáil chun na páistí a iompar ón bhunscoil agus chun iad a fhágáil ar ais arís tráthnóna agus cuireadh lón ar fáil daofa. D'fhreastal 108 dalta ó 5 scoil gaeiltachta & 3 scoil eile ar an Lá spraoi agus bhain siad go léir an-sult as.

Cuireadh deontas ar fáil don Lá Spraoi ó scéim Gaelscoileanna Teo. 'Le Chéile Trí Ghaeilge'.

Lá Gníomhach i mBaile Munna

Tá Gaelscoil Bhaile Munna sa tóir ar ár gceathrú Brat Glas. Bhí Lá Gníomhach againn sa scoil ag deireadh mí Eanáir chun béim ar leith a chur ar Thaisteal i ngach rang sa scoil. Dúradh leis na páistí gleasadh suas le Taisteal mar inspioráid. Is léir ó na feistis go bhfuil páistí agus tuismitheoirí na scoile an-chruthaitheach. Rinne gach rang obair agus ealaín bunaithe ar thaisteal

ar an lá speisialta. D'imigh na ranganna ar shiúlóid timpeall an cheantair chun muintir na háite a chur ar an eolas faoi cad a bhí ar siúl againn. Bhí an-spórt againn ar an Lá Gníomhach agus bhain gach éinne sár thaithneamh as.

Tá súil againn go bhfuil a dhóthain déanta againn, thar tréimhse an fheachtais chun an brat a bhaint amach!



Inis do Scéal

Lámhleabhar Margaíochta do Naíonraí,
Bunscoileanna agus Iarbhunscoileanna
lán-Ghaeilge

Marketing Handbook for Irish-Medium Naíonraí,
Primary and Post-Primary Schools

Gaelscoileanna



Forbairt Náisiúnaí Teicnící

Lámhleabhar nua margaíochta

Beidh 'Inis do Scéal' á sheoladh i mí Aibreán agus beidh ceardlanna margaíochta do naíonraí agus scoileanna á reáchtáil go luath.

Is í an aidhm atá leis an margaíocht do fhiontar sóisialta mar seo ná tuismitheoirí a chumasú chun éagsúlacht an tsoláthair a mheas agus an rogha is fearr a dhéanamh dá bpáistí féin, rogha bheidh chun leasa an naíonra/na scoile chomh maith. I gcroílár gach naíonra agus scoil tá cur chuige oscailte agus fáilteach a léiríonn meas ar an bpobal ina bhfuil said ag feidhmiú agus ar na daoine a bhfuil said ag soláthar seirbhísí dóibh agus seo an scéal gur gá a scaipeadh ina leith.

Má tá tuilleadh eolais uait, téigh i dteagmháil le Clare Spáinneach ar clare@gaelscoileanna.ie

Dátaí don dialann:

Beidh Comhdháil bhliantúil Gaelscoileanna Teo. ar siúl 20 – 21 Samhain 2015

Beidh comhdháil CAER ar siúl 28 – 30 Bealtaine ar Oileán Scítheanach, Albain

An Chéad Chomhdháil Taighde Uile-Oileánda ar an Tumoideachas:
Tá an ghairm ar pháipéir ar siúl faoi láthair! Ní mór tograí a chur isteach faoin 28 Feabhra 2015. Téigh go www.tumoideachas2015.ie

Tá Gaelscoileanna Teo. anois ar twitter! Roinn do scéalta linn!
Lean muid
@Gaelscoileanna



Go leor moltaí ar www.glomangael.ie/moltai



Lots of suggested items on www.glomangael.ie/moltai

Lá Bronntanas as Gaeilge 6 Márta 2015

Buy an Irish Language Present on March 6th

Tógaimis céim dhearfach...
Let's take one positive step...

- Ceannaigh earraí Gaeilge, i siopaí nó ar líne le do thacaíocht a léiriú
- Iarr ar do shiopaí áitiúla earraí Gaeilge a chur ar fáil
- Ask your local shops to stock Irish language goods - and buy them!

Spríoc don Lá
What it's all about

- Tacaigh le soláthróirí agus forbróirí d'earraí Gaeilge
- Tacaigh le soláthróirí seirbhísí Gaeilge nó seirbhísí trí Ghaeilge
- Support suppliers of Irish language goods and services on 6 March



@bronntanas

Glór na nGael, Ráth Chairn, Co na Mí
046 943 0974 www.glomangael.ie



Lá Bronntanas as Gaeilge



Foras na Gaeilge

Laghdú ionadaíochta do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Tá laghdú ionadaíochta i ndán do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht ó mhí Márta 2015 leis na hathruithe atá beartaithe ag an ROS do COGG. Laghdófar bord COGG ó 23 go 13 ball, agus ní bheidh ach 2 ionadaí ar Gaelscoileanna Teo. agus 2 ionadaithe ar na scoileanna Gaeltachta ar an mbord feasta (tuismitheoir agus duine eile). Ní gá go mbeadh aon mhúinteoir mar ionadaí ar na scoileanna. Daréag ionadaí ar na scoileanna a bhí ann go dtí seo. In áit aitheantas ar na ríachtanais bhreise atá ag scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, tá cumhacht, ionchur agus stádas á bhaint dóibh ag staid fíor-chriticiúil ach go háirithe i gcomhthéacs todhchaí na scoileanna Gaeltachta. Leis seo, beidh deireadh leis an gcóras daonlathach chun múinteoirí agus tuismitheoirí a thoghadh ag an mbunleibhéal agus an iarbhunleibhéal, agus deis cailte ag saineolaithe an oideachais lán-Ghaeilge atá ag treabhadh an ghoirt.

Iarrtar ort tacaíocht a léiriú do na scoileanna lán-Ghaeilge, idir Ghaeltacht agus lasmuigh di ar cheist na hionadaíochta fíor-thábhachtach seo trí ríomhphost a chur chuig an tAire Oideachais, Jan O'Sullivan, T.D. ag jan.osullivan@oireachtas.ie go práinneach, agus roimh fhógairt an chinnidh.

Polasaithe Samplacha do scoileanna agus do naíonraí

Táimid ag cur go leanúnach lenár gcuid **polasaithe samplacha do scoileanna**, agus tá obair á dhéanamh san oifig cinn atá faighte ó scoileanna a chur ar fáil ar an leathanach seo: <http://www.gaelscoileanna.ie/ie/resources/?lang=ie>. Ba bhreá linn cur leis an liosta seo, agus iarraidimid ort aon chinn sa bhreis ar na cinn atá ann a chur chugainn, nó fiú leaganacha éagsúla de chinn atá ann agus bainfear amach sonraí na scoile agus cuirfear ar fáil iad go forleathan chun leas scoileanna eile.

Tá bunachar na bpolasaithe do naíonraí á fhorbairt go fóill agus tá súil againn é a bheith ar fáil go luath.

Seolfar cóip den nuachtlitir ar ríomhphost chuig gach naíonra agus scoil

NUACHTLITIR

EARRACH 2015

NCSE agus polasaí nua molta

SAN IRIS SEO:

Scoileanna Nua	2
Olreachtas na G	4
Gailearaí	10
Naíonraí	5
Scléip 2015	6
Comórtas U.É.	8
Dátaí dialainne	12

Fógraíodh ar an 10 Feabhra nach bhfuil an múnla nua molta de chuid an NCSE maidir le leithdháileadh acmhainní do pháistí le RSO sna bunscoileanna agus iarbhunscoileanna le cur i bhfeidhm sa scoilbhliain 2015/2016. I measc ceisteanna eile, tá ceist na scoileanna lán-Ghaeilge le réiteach go fóill i dtaobh conas próifiliú a dhéanamh orthu de bharr cur chuige an chórais tumoideachais.

Is léir an-chuid neamhchinnteachta faoin bhfeidhmiú praiticiúil agus imní ar scoileanna lán-Ghaeilge go mbeidh na scoileanna thíos leis atá i ndiaidh obair go dícheallach chun caighdeán a ardú agus go bhfuil baol ann go gcaillfí na hacmhainní a bhí ann go dáta.

Bheadh impleachtaí aige seo don chaighdeán atá an scoil ag iarraidh a shaothrú, agus do leithdháileadh na n-acmhainní sa todhchaí má thiteann caighdeán an oideachais dá bharr.

Níl aon aitheantas nó catagóir ann chun riachtanais agus dúshlán bhreise na scoileanna lán-Ghaeilge a mheasúnú, ar a n-áirítear an dúshlán breise a bhaineann leis an teagasc trí mheán na Gaeilge, an éagsúlacht teangeolaíoch i ngach suíomh scoile agus scoil Ghaeltachta, agus tá na hábhair uile imní seo curtha ag Gaelscoileanna Teo. faoi bhráid na Roinne.

Feidhmiú an phainéil ath- iomlonnaithe do mhúinteoirí

Gabhaimid buíochas le gach scoil a chuireann eolas chugainn maidir le feidhmiú an phainéil agus na himpleachtaí atá ann d'fheidhmiú éifeachtach an chórais tumoideachais leis an mbrú atá ar scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta glacadh le múinteoirí gan chumas cuí sa teanga, agus in éadan a dtola. Leanfaimid orainn ag bailiú eolais ó scoileanna faoin a gcuid taithí leis an bpainéal agus cuirfear an t-aiseolas

uile san áireamh inár gcuid aighneachtaí agus cruinnithe leis an ROS faoin ábhar.

Cé gur leasú beag a bhí sa 'Tic sa bhosca', nár réitigh na fadhbanna uile, bhí sé an-úsáideach mar chruthúnas ar na fadhbanna córasacha atá ann leis an gcóras reatha. Leanaigí oraibh ag cur eolais chugainn le bhur dtóil agus leanfaimid orainn leis an sto-caireacht tréan ar an gceist seo.

"Cé gur leasú beag a bhí sa 'Tic sa bhosca', nár réitigh na fadhbanna uile, bhí sé an-úsáideach..."